



C/2025/4856

29.8.2025

Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010, (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 806/2014, (AE) 2021/523 agus (AE) 2024/1620 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta

(C/2025/4856)

I. RÉAMHRÁ

1. An 17 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010, (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2021/523 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta (an Rialachán), arb é is aidhm dó comhroinnt sonraí idir Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha (UMEnna) agus údaráis eile san earnáil airgeadais a éascú agus ceanglais tuairiscithe nua a shrianadh. Leis an togra, laghdaítear freisin minicíocht an tuairiscithe do chomhpháirtithe cur chun feidhme InvestEU ó gach 6 mhí go huair amháin sa bhliain.
2. Tá an Rialachán bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcás na mbeart i réimse na seirbhísí airgeadais agus ar Airteagal 173 agus 175(3) CFAE i gcás bheart InvestEU (an gnáthnós imeachta reachtach).
3. Glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Feabhra 2024. Glacadh an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Meitheamh 2024.
4. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (Coiste ECON) atá an phríomhfhreagracht. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2024.
5. Phléigh an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Baincéireachta an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 19 Feabhra, an 27 Márta, an 2 Deireadh Fómhair agus an 4 Nollaig 2024. D'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe an sainordú caibidlíochta an 19 Meitheamh 2024 agus thug sé sainordú don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa. Ar an mbonn sin, chuathas i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún d'fhoilligh teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh.
6. Tionóladh na cruinnithe tríphárteacha an 20 Samhain, an 5 Nollaig agus an 17 Nollaig 2024. Ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach an 17 Nollaig 2024, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach.
7. Vótáil Coiste ECON Parlaimint na hEorpa an 19 Márta 2025 i bhfabhar an téacs a comhaontaíodh. An 21 Márta 2025, chuir Cathaoirleach Choistí ECON litir chuig an Uachtaránacht inar léiríodh, dá nglacadh an Chomhairle an seasamh uathí ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán a comhaontaíodh, go molfadh sí don Seisiún Iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle, faoi réir fíorú dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

II. CUSPÓIR

8. Is iad cuspóirí foriomlána an togra na ceanglais tuairiscithe a fheabhsú, a chuíchóiriú agus a nuachóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonann siad an cuspóir atá beartaithe dóibh, chun an t-ualach riaracháin a theorannú agus chun dúbailt mhíchúí tuairiscithe a sheachaint d'údaráis agus d'eintitis.

III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

9. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

10. Córas tuairiscithe comhtháite: Laistigh de 60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ullmhóidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), tríd an gComhchoiste agus i ndlúthchomhar le leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), leis an Údarás um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (ÚCSA), leis an mBord Réitigh Aonair (BRA), leis na húdaráis inniúla agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, tuarascáil ina gcuirfear roghanna i láthair chun éifeachtúlacht bhailiú na sonraí maoirseachta san Aontas a fheabhsú. Ag tógáil ar obair earnálach ÚMEnna ar thuairisciú a chomhtháthú, áireofar staidéar indéantachta sa tuarascáil sin, lena n-áirítear measúnú ar na tionchair, na costais agus na tairbhí a ghabhann le córas tuairiscithe comhtháite trasearnálach agus, bunaithe ar an staidéar sin, leagfar amach treoiclár dá chur chun feidhme. Cumhdófar sa tuarascáil (a) foclóir comhchoiteann sonraí, lena n-áirítear stór ceanglas tuairiscithe agus nochta chun comhsheasmhacht, soiléireacht agus caighdeánú sonraí a áirithiú, agus (b) spás sonraí chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú. Agus torthaí na tuarascála seo á gcur san áireamh agus tar éis measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí agus inar gá, togra reachtach a thíolacadh chun na hacmhainní airgeadais, daonna agus TF is gá chun an córas tuairiscithe comhtháite a bhunú a áirithiú.
11. Pointe teagmhála aonair buan: Comhlánaítear an togra ón gCoimisiún le sainordú do na húdaráis athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar cheanglais tuairiscithe agus iad a bhaint, ar ceanglais iad atá iomarcach nó atá imithe i léig, mar shampla, mar gheall ar mhalartú faisnéise feabhsaithe. Chun tacú a thuilleadh leis an obair atá á déanamh chun an tuairisciú a chomhtháthú agus d'fhonn deireadh a chur le haon ualach riaracháin nach bhfuil gá leis, ceanglaítear leis an Rialachán seo ar na húdaráis pointe teagmhála aonair buan a bhunú ar féidir le heintitis ceanglais tuairiscithe agus nochta atá dúblach, imithe i léig nó iomarcach a chur in iúl dó.
12. Raon feidhme na comhroinnte sonraí: Áirítear sa Rialachán seo ÚMEnna, BERS, BCE/SAM, ÚCSA agus BRA faoi raon feidhme an tsocraithe comhroinnte sonraí, lena soláthraítear sainmhíniú cuimsitheach ar 'údaráis eile'. Chomhaontaigh na comhreachtóirí gur ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht na n-údarás inniúil náisiúnta (UINanna). Níor cuireadh san áireamh comhroinnt éigeantach sonraí na UINanna, mar a mhol an Coimisiún, mar gheall ar ábhair inní faoin ualach a d'fhéadfadh a bheith ar UINanna agus toisc nach ann do mheasúnú tionchair ná anailís costais is tairbhe chun údar a thabhairt leis an mbeart sin. Mar sin féin, chun tacú le cur chuige fianaise-bhunaithe i ndáil le beartaí an Aontais a chinneadh agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ba cheart an deis a bheith ag na UINanna, agus moltar dóibh é, an fhaisnéis a thuairiscigh institiúidí airgeadais nó eintitis eile dóibh i gcomhréir le dlí an Aontais a chomhroinnt leis an gCoimisiún, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.
13. An cineál faisnéise a mhalartaítear agus na coinníollacha maidir le malartú faisnéise: Chomhaontaigh na comhreachtóirí raon feidhme na comhroinnte faisnéise a theorannú don raon feidhme a eascraíonn as cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, áirítear leis rialacháin de chuid an Aontais atá infheidhme go díreach agus trasú náisiúnta theoracha an Aontais. Mar atá sa togra ón gCoimisiún, ní mór teideal dlíthiúil a bheith ag an údarás iarrthach faoi dhlí an Aontais an fhaisnéis chéanna sin a fháil go díreach ón institiúid nó ón údarás. Áirithítear leis sin nach gcomhroinntear an fhaisnéis go treallach, ach amháin nuair a bheadh sé de cheart ag an bhfaighteoir í a bhailiú murach sin. Ní mór don údarás a chomhroinneann an fhaisnéis an t-údarás nó an institiúid airgeadais óna bhfuair sé an fhaisnéis a chur ar an eolas go pras faoi aon mhalartú ar an bhfaisnéis sin, mura rud é go ndéantar an malartú ar bhonn athfhillteach nó tréimhsiúil, agus sa chás sin ní gá ach fógra amháin a thabhairt. Níl feidhm ag an oibleagáid sin, áfach, más rud é go ndearnadh an fhaisnéis chomhroinnte a anaithnidíú ionas nach féidir aon duine ná eintiteas a shainaithint, nó má athraíodh nó má comhbhailíodh í ar bhealach a chosnaíonn rúndacht agus sonraí pearsanta i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí. Ina theannta sin, ní gá fógra a thabhairt más rud é go bhféadfaí imeachtaí maoirseachta nó réitigh, gníomhaíochtaí nó imscrúduithe a chur i mbaol dá gcuirfí an institiúid airgeadais ar an eolas.
14. Meabhráin tuisceana. Moltar do na húdaráis meabhráin tuisceana a dhéanamh chun comhroinnt faisnéise eatarthu féin a éascú. D'fhonn formáid shimplí chaighdeánaithe a bhunú, a mhéid is féidir, féadfaidh an Coimisiún treoraíocht a cheapadh lena sonróaí príomhghnéithe na meabhrán tuisceana sin.
15. An Clár InvestEU. Mar atá sa togra ón gCoimisiún, chomhaontaigh na comhreachtóirí minicíocht an tuairiscithe ar Chlár InvestEU a dhéanann comhpháirtithe cur chun feidhme a athrú ó dhá uair go huair amháin sa bhliain. Ba cheart go laghdódh sin ualach oibre na gcomhpháirtithe cur chun feidhme, na n-idirghabhálaithe airgeadais, FBManna agus cuideachtaí eile gan aon cheann de ghnéithe substainteacha Rialachán (AE) 2021/523 a athrú.

IV. CONCLÚID

16. Leagann an seasamh ón gComhairle béim ar phríomhchuspóir an togra ón gCoimisiún Eorpach agus déantar an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, a léiriú go hiomlán leis.
 17. Measann an Chomhairle, dá bhrí sin, gurb ionann an seasamh uaithi ar an gcéad léamh agus toradh cothrom ar an gcaibidlíocht. A luaithe a ghlacfar é, beidh an Rialachán ina rannchuidiú mór le ceanglais tuairiscithe a fheabhsú, a chuíchóiriú agus a nuachóiriú, chomh maith le hualáí riaracháin a laghdú agus dubailt mhíchuí tuairiscithe a sheachaint.
-